

**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000007/2022
ar an gCoimisiún**

Riail 136

Cristian-Silviu Buşoi

thar ceann an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Ábhar: Ardú ar phraghsanna fuinnimh agus cúbláil ar an margadh gáis

Shroich praghsanna gáis iontaise buaicphointe i mí na Nollag 2021, tráth a raibh siad ceithre huairé go leith níos airde ná mar a bhí siad in Eanáir 2021. Ba í an dinimic dhomhanda soláthair agus éilimh ba chúis leis an méadú suntasach sin agus chuir tosca a bhain leis an teannas paindéime agus geopholaitiúil leis, mar aon le hallmhairí gáis iontaise níos ísle ná mar a bhíodhas ag dréim leis go dtí an Eoraip, go háirithe ón Rúis. Mar thoradh air sin, shroich stóráil gáis iontaise leibhéil níos ísle ná an meánleibhéal agus tháinig méadú ar phraghsanna fuinnimh, rud a d'fhág gur tháinig méadú ar rátaí boilscithe ar fud AE.

De réir mar a thosaíonn an geilleagar ag téarnamh ón bpaindéim, ní mór do AE agus dá Bhallstáit teacht ar réitigh struchtúracha chun a dteaghlaigh, a dtionscail agus a bhfontair, go háirithe FBManna agus micrifhiontair, a chosaint agus chun tacú leo. Chuige sin, ní mór bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le nochtadh suntasach AE do mhargaí gáis idirnáisiúnta agus leochaileacht roinnt soláthraithe aonair chomh maith le hiarrachtaí chun cúbláil a dhéanamh ar an margadh agus chun dul i ngleic le hamhantraíocht bhréagach.

1. Cad iad na réamhthorthaí ó imscrúdú an Choimisiúin maidir le hiompraíocht fhrithiomáioch a d'fhéadfadh a bheith ann sa mhargadh gáis agus cén uair a chuirfear conclúidí an imscrúdaithe ar fáil don phobal?
2. An ndearnadh measúnú ar éifeachtacht Airteagal 11 de Threoir 2009/73/CE agus ar an gcinneadh a bhaineann le cás AT.39816 maidir leis na rioscaí do shlándáil sholáthar fuinnimh na mBallstát a laghdú?
3. An bhfágann na leibhéil stórála gáis iontaise atá ann faoi láthair go bhfuil an tAontas níos leochailí fós do bhrú seachtrach sa ghearrthéarma? Ar sainíodh tairseacha sonracha do leibhéil stórála?
4. Cad iad na hathruithe struchtúracha a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an margadh ar leibhéal AE chun cur ar chumas na mBallstát tomhaltóirí a chosaint i gcoinne luaineacht an mhargaidh idirnáisiúnta gáis amach anseo?
5. Cad iad na bearta nithiúla a dhéanfaidh an Coimisiún chun saoránaigh AE a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr faoi na cúiseanna leis an ardú mór ar na praghsanna fuinnimh a chaithfidh siad a sheasamh?

Curtha síos: 3.3.2022

Spriocdháta i gcomhair freagra: 4.6.2022